

-
- | | | |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Bhí mé ag ...</i>
<i>Chuaigh mé go (dtí an) ...</i>
<i>Chonaic mé ...</i>
<i>D'ith mé ...</i> | What did you do this week?
<i>I was at ...</i>
<i>I went to (the) ...</i>
<i>I saw ...</i>
<i>I ate ...</i> |
| 2. | An maith leat ceol claisiceach? An feart leat saghas eile ceoil? | Do you like classical music? Do you prefer another kind of music? |
| 3. | An bhfuil tú in ann uirlis ceoil éigin a sheinm? | Are you able to play some musical instrument? |
| 4. | Cén rud a bhí nó atá tábhachtach i do theaghlach féin? | What thing was or is important in your own family? |

Rothaí an tSaoil **Aoife Ní Bhriain**

Wheels of Life

1. Óna cuid fréamhacha anseo i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath agus stáitsí móra an domhain,
From her roots here in North Dublin and the world's big stages,
2. tógadh an bhean seo le dhá chineáil éagsúil ceoil ina saol – an ceoil traidisiúnta agus an ceol clasaiceach.
this woman was raised with two different kinds of music in her life – traditional music and classical music.
3. Ach tá a cuid féin déanta aici *as an phéire acu* (as an bpéire acu).
But she has made both of them her own.
4. *Thá* Aoife Ní Bhriain ar dhuine de na ceoltóirí is suimiúla atá ag obair in Éirinn inniu.
Aoife Ní Bhriain is one of the most interesting musicians that is working in Ireland today.
5. Bean a bhfuil an ceoil go smior inti, a sheinneann le fuinneamh, le scil agus thar aon ní eile le féiniúlacht.
A woman who is steeped in music, who plays with energy, with skill and above all else, with her own identity.
6. Tógadh Aoife i gclann mór ceoil traidisiúnta.
Aoife was raised in a big household of traditional music.
7. A hathair, Mick O'Brien, aitheanta fud fad na cruinne as ceol na píoba.
Her father, Mick O'Brien, known all over the world for pipe music.
8. Ach níl dabht ar bith ach go bhfuil a casáin féin tógtha aici *leis an cheol* (leis an gceol).
But there is no doubt that she has taken her own path with music.
9. Haigh, a Aoife!
Bhuel, fáilte agus fiche.
Go raibh míle maith agat.
Tá sé iontach go bhfuil tusa anseo.
Hi, Aoife!
Well, welcome.
Thank you very much.
It's wonderful that you are here.
10. Fáilte romhat go seomra ceoil muintir Uí Bhriain.
Welcome to the O'Brien family music room.
11. Níl easpa uirlisí sa teach seo, is féidir leat teacht ar rud ar bith atá ag teastáil uait.
There's no lack of instruments in this house, you can find anything you need.

- | | |
|--|---|
| 12. Más rud é go raibh grúpa ceoil isteach anseo, bheadh uirlis do gach páiste, gan stró. | If there was a music group in here, there would be an instrument for each child, without difficulty. |
| 13. Thá rud anseo a thuigeadh bheith ag achán duine - fiddleacha, cláirseach. | There is something here for everyone – fiddles, a harp. |
| 14. Níl easpa fidil ann, níl easpa píob ann sa teach seo, <i>like</i> , agus consairtín, giotár, pianó, chuile rud atá ag teastáil uait. | There are no lack of fiddles, no lack of pipes in this house, like, and a concertina, guitar, piano, everything you need. |
| 15. Fidil bheag. Sin an chéad fidil a bhí agamsa agus mé ag cur tús le mo cheol. | A small fiddle. That's the first fiddle I had when I started on music. |
| 16. A Aoife, labhair liom faoi cén cineál óige a bhí agatsa ag fás aníos i mBaile Átha Cliath. | Aoife, talk to me about the kind of youth you had growing up in Dublin. |
| 17. Ar fhás tú aníos sa teach seo? Níor fhás. | Did you grow up in this house? No. |
| 18. Bhuel, bhogamar anseo nuair a bhí mé seacht mbliana d'aois, tá mé a rá. | Well, we moved here when I was seven years old, I say. |
| 19. <i>So</i> , nuair a rugadh mé bhí chónaí orainn ag Cois Bá atá díreach síos an bóthar, thart ar chúig nóiméad sa charr. | So, when I was born, we lived in Bayside that is just down the road, around five minutes in the car. |
| 20. Agus rugadh i gcúl-de-sac beag mé, áit a raibh ceol i ngach áit, toisc go raibh Mam ag múineadh ceoil do gach páiste ar an gcúl-de-sac beag. | And I was born in a small cul-de-sac, where there was music everywhere, because Mam was teaching music to every child on the cul-de-sac. |
| 21. <i>So</i> , nuair a raibh mise ag fás anuas, cheap mise go raibh ceol ag cách. | So, when I was growing up, I thought that everybody had music. |
| 22. Níor thuig mé nach raibh ceol ag daoine, agus nach raibh ceol sa teach agus nach raibh ceol ag gach uile comharsan béal-dorais thart timpeall orthu. | I didn't understand that people didn't have music, and that there wasn't music in the house and that there every next-door neighbor did not have music around them. |

23. *So*, is cuimhin liom dul isteach go dtí an bunscoil, an chéad lá agus mé sa bhunscoil, So, I remember going into elementary school, the first day I was in elementary school,
24. agus an chéad cheist a bhí agam ar na daltaí eile thart timpeall orm, “Agus cén uirlis a sheinneann tú?” and the first question I had for the other students around me, “And what instrument do you play?”
25. Agus cheap mé gurb shin an bealach is nádúrthaí, *like*, ceist a chur ar dhuine, *you know*, “Cad a *dhéananns* (dhéanann) tú nuair a théann tú abhaile?” And I thought that that was the most natural way, like, to ask someone a question, you know, “What do you do when you go home?”
26. *Like*, in áit breathnú ar an teilifís, in áit dul amach ag imirt peile, *like*, ach “Cén uirlis a sheinneann tú nuair a théann tú abhaile?” agus tú ceithre bhliain go leith. Like, instead of watching television, instead of going out to play football, like, but “Which instrument do you play when you go home?” and you four and a half years old.
27. *So*, sin an bealach inar tógadh muid. Bhí ceol ag mo sheanathair, bhí ceol ag gach de na col-ceathracha chomh maith. So, that’s the way we were raised. My grandfather had music, all of my cousins had music, too.
28. Agus bhí Mam mar mhúinteoir do na col-ceathracha chomh maith, mar múinteoir ceoil. And Mam was a teacher for the cousins, too, as a music teacher.
29. Agus tá ceol ag gach deirfiúir ag Mam, an dearthár léithe agus gach deartháir le Dad. And all my Mom’s sisters had music, and her brother, and every brother of Dad’s.
30. *So*, ní raibh mórán rogha sa teach agus muid ag fás aníos. So, there wasn’t much choice in the house as we grew up.
31. Bhí ceol ann, agus bhí ort uirlis *éigint* (éigin) a thógáil. It helps a lot with your approach and with your confidence.
32. *So*, bhain mise triall as an bhfidil agus tá mé á sheinnt ó shin. So, I tried out the fiddle and I’ve been playing it since then.

Ceisteanna

Questions

- | | |
|--|---|
| 1. Cá bhfuil Aoife ina cónaí? | Where does Aoife live? |
| 2. Cén saghas ceoil a d'fhoghlaim í agus í óg? | What kind of music did she learn when she was young? |
| 3. Cén uirlis a bhí ag athair Aoife? | What instrument did Aoife's father have? |
| 4. Cén seomra atá Aoife ag taispeáint? | What room is Aoife showing? |
| 5. Cad atá sa seomra? | What's in the room? |
| 6. Cén aois a bhí Aoife nuair a bhog sí go dtí an teach ina bhfuil sí? | How old was Aoife when she moved to the house she's in? |
| 7. Cad a cheap Aoife faoi pháistí eile nuair a bhí sí óg? | What did Aoife think about other kids when she was young? |
| 8. Cén cheist a chuirfeadh Aoife ar na páistí eile? | What question would Aoife ask the other children? |
| 9. Cé a bhí ina múinteoir do chol-ceathracha Aoife? | Who was a teacher to Aoife's cousins? |
| 10. Cén uirlis a roghnaigh Aoife di féin? | Which instrument did Aoife choose for herself? |